



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 24.1.2024
COM(2024) 25 final

PÁIPÉAR BÁN

maidir le Rialuithe Onnmhairiúcháin

PÁIPÉAR BÁN

maidir le Rialuithe Onnmhairiúcháin

Clár Ábhar

1.	RÉAMHRÁ: CÉN FÁTH A DTEASTAÍONN PÁIPÉAR BÁN?.....	2
2.	RIALACHÁN DÉ-ÚSÁIDE 2021: STAID NA HIMEARTHA MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME.	3
3.	FORBAIRTÍ LE DÉANAÍ I RÉIMSE NA RIALUITHE ONNMHAIRIÚCHÁIN	4
3.1.	Tionchar na Rúise ar fheidhmiú na gcóras iltaobhach rialaithe onnmhairí	5
3.2.	Iontaoibh mhéadaithe i leith rialuithe iltaobhacha onnmhairí go hidirnáisiúnta	5
3.3.	Rialuithe onnmhairiúcháin náisiúnta le déanaí ag Ballstáit an Aontais	6
4.	ANAILÍS AR AN GCREAT ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR	8
4.1.	An riosca go mbeidh meascán mearaí de rialuithe onnmhairiúcháin san Aontas Eorpach	8
4.2.	Easpa cur chuige comhchoiteann maidir le cuspóirí beartais slándála agus trádála an Aontais i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin	10
4.3.	Easpa guth coiteann an Aontais go hidirnáisiúnta.....	11
4.4.	Slabhraí soláthair domhanda agus tionchar iartheachtach	12
4.5.	Na ceachtanna a foghlaimíodh ó smachtbhannaí an Aontais in aghaidh na Rúise	12
5.	NA FREAGRAÍ ATÁ BEARTAITHE	13
5.1.	A áirithiú go leanfaidh rialuithe aonfhoirmeacha de bheith i bhfeidhm san Aontas agus go neartófar iad	13
5.2.	Fóram a bhunú le haghaidh comhordú polaitiúil maidir le rialuithe onnmhairiúcháin	14
5.3.	Sásra chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar Liostaí Náisiúnta Rialaithe nua	14
5.4.	Uainiú na meastóireachta ar an Rialachán Dé-úsáide a thabhairt chun cinn...15	

1. RÉAMHRÁ: CÉN FÁTH A DTEASTAÍONN PÁIPÉAR BÁN?

Is príomhuirlis iad rialuithe onnmhairiúcháin an Aontais le haghaidh ítimí dé-úsáide¹ ar mhaithe leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta chomh maith le cosaint a thabhairt do chearta an duine. Leis na rialuithe sin áiríthítear nach bhfaigheann na daoine contráilte greim ar ítimí amhail ardleictreonaic, tocsainí, teicneolaíocht diúracán nó comhphárteanna núicléacha, ag a bhfuil úsáidí sibhialta ach úsáidí míleata freisin. Dá bhrí sin, bíonn ítimí dé-úsáide faoi réir údaruithe le linn iad a onnmhairiú lasmuigh den Aontas Eorpach, rud a chuireann teorainn leis an bhféidearthacht go n-úsáidfear ítimí den sórt sin i gcásanna cogaidh nó coinbhleachta, chun críche cearta an duine a shárú nó chun leathadh arm ollscriosta a chumasú.

Eascaíonn na rialuithe seo go ginearálta ó na hoibleagáidí agus na gealltanais a ghlac Ballstáit an Aontais Eorpaigh nó an tAontas Eorpach mar chomhaltaí de na comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le neamhleathadh agus mar chomhaltaí na gcóras iltaobhach rialaithe onnmhairí². Léiríonn an cur chuige iltaobhach seo an chéad bhealach is fearr chun rialuithe onnmhairiúcháin láidre a fhorbairt ar fud an domhain. Cuirtear na gealltanais sin chun feidhme ansin ar bhealach aonfhoirmeach san Aontas.

Ar leibhéal an Aontais, leagtar amach an creat chun onnmhairí d'earraí dé-úsáide a chur chun feidhme agus a rialáil i Rialachán (AE) 2021/821 (an 'Rialachán Dé-Úsáide'),³ lena ndearnadh athbhreithniú suntasach ar rialacha dé-úsáide an Aontais in 2021. Cuirtear san áireamh san athbhreithniú sin mear-fhorbairtí teicneolaíochta agus míleatú méadaithe teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, áiríthítear cur chun feidhme níos éifeachtaí leis agus méadaítear an comhordú idir údarais rialaithe onnmhairiúcháin náisiúnta Bhallstáit an Aontais agus leis an gCoimisiún Eorpach freisin.

Ó tháinig an Rialachán Dé-Úsáide i bhfeidhm, tá athrú ó bhonn tagtha ar an gcomhthéacs domhanda le haghaidh rialuithe onnmhairiúcháin. D'fhág cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine gur cuireadh smachtbhannaí in úsáid go tobann ar bhealach nár chonacthas riamh roimhe seo. Áirítear leis sin srianta onnmhairiúcháin a gearradh go tapa ar ítimí dé-úsáide agus leochaileacha atá criticiúil chun srian a chur le hiarrachtaí fadtéarmacha cogaidh na Rúise. Cuireadh i dtábhacht leis sin an gá atá ann don Aontas córas rialuithe onnmhairiúcháin a bheith aige a bheidh in ann torthaí a bhaint amach go tapa agus ar bhealach aonfhoirmeach.

An tráth céanna, cé go ndearnadh obair thábhachtach ar an leibhéal teicniúil, chuir comhaltaí áirithe bac ar chumas na gcóras iltaobhach rialaithe onnmhairí cinntí nua a chur ar fáil maidir le hítimí atá faoi réir rialuithe agus a bheith cothrom le dáta le forbairtí teicneolaíochta, agus cruthaíonn sé sin bearnaí maidir le rialuithe nua onnmhairiúcháin a ghlacadh ar an leibhéal iltaobhach.

Ar deireadh, mhéadaigh roinnt tíortha na rialuithe nua náisiúnta maidir le hardteicneolaíochtaí leochaileacha agus atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear Ballstáit an Aontais, lasmuigh den

¹ Is earraí, bogearraí agus teicneolaíocht iad ítimí dé-úsáide ar féidir iad a úsáid chun críocha sibhialta agus míleata araon. Ní áirítear leo, áfach, ítimí de chineál míleata amháin, amhail iad sin a liostaítear ar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais (IO C 72, 28.2.2023, lch. 2–37).

² Is iad na príomhchórais iltaobhacha faoina n-aontaítear formhór de rialuithe onnmhairiúcháin an Aontais Grúpa na hAstráile, an Córas Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán, Grúpa na Soláthraithe Núicléacha agus Comhshocraíocht Wassenaar. Is comhalta de cheann de na Córais Rialaithe Iltaobhacha atá ann cheana é an tAontas – Grúpa na hAstráile – agus tá sé mar bhreathnóir i nGrúpa na Soláthraithe Núicléacha.

³ Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnaimh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (athmhúnlú) – (IO L 206, 11.6.2021, lgh. 1-461).

chreath iltaobhach, rud a chruthaíonn an riosca go mbeidh meascán mearaí beart rialaithe ann laistigh den Aontas Eorpach agus go ndeighlfear an margadh aonair dá mbarr. Fágann na forbairtí éagsúla sin go mbeidh neamhchosaint ag na Ballstáit ó bhrú geopholaitiúil agus ardaítear ceisteanna mar gheall air sin maidir le leordhóthanacht an chreata rialaithe onnmhairiúcháin atá i bhfeidhm san Aontas faoi láthair chun rannchuidiú go héifeachtach le slándáil an Aontais agus a Bhallstáit.

In aghaidh an chúlra sin, an 20 Meitheamh 2023, ghlac an Coimisiún agus an tArdionadaí ('HRVP') Teachtaireacht maidir le Straitéis Eorpach um Shlándáil Eacnamaíoch.⁴ Éilítear sa straitéis go mbeadh gníomhaíocht níos gasta agus níos comhordaithe ar leibhéal an Aontais i réimse na rialuithe ar onnmhairiú ítimí dé-úsáide agus go mbainfí úsáid iomlán as na féidearthachtaí a thairgtear leis an Rialachán Dé-Úsáide.

Freagraíonn an Páipéar Bán atá ann faoi láthair don éileamh sin. Déantar anailís ann ar an staid i láthair na huairé agus déantar roinnt moltaí ann chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair, chun rialuithe aonfhoirmeacha agus éifeachtacha a chothú ar fud an Aontais agus chun idirphlé a chur ar bun leis na Ballstáit, le Parlaimint na hEorpa, agus le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an pobal gnó, maidir leis an meastóireacht ar fheidhmiú an Rialacháin Dé-Úsáide agus cumas an chreata atá ann faoi láthair riachtanais slándála an Aontais, idir chinn atá ann faoi láthair agus chinn amach anseo a chomhlíonadh go héifeachtach.

2. RIALACHÁN DÉ-ÚSÁIDE 2021: STAID NA HIMEARTHA MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME

Neartaigh an Rialachán Dé-Úsáide inniúlacht an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar thimpeallacht slándála atá ag athrú, ar mhear-fhorbairtí teicneolaíochta agus ar fhorbairt na slabhraí soláthair domhanda agus na trádála idirnáisiúnta.

Áirítear forálacha úrnua ann chun an comhordú a fheabhsú i measc Ballstát agus iad ag tabhairt rialuithe nua an Aontais isteach maidir le cibearfhaireachas agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, chun trádáil dé-úsáide lena mbaineann riosca íseal a éascú, malartú faisnéise a fheabhsú i measc na mBallstát agus leis an gCoimisiún (lena n-áirítear trí ardán ceadúnúcháin leictreonach tiomnaithe de chuid an Aontais a fhorbairt). Is é is aidhm dó freisin trédhearcacht níos mó a bhaint amach maidir le cinntí ceadúnúcháin náisiúnta a dhéanann Ballstáit an Aontais chomh maith le comhsheasmhacht maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú rialuithe.

Comhlánaítear na forbairtí sin le bearta chun tacú le honnmhaireoirí an Aontais, lena n-áirítear Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin nua ón Aontas le haghaidh teicneolaíochtaí criptiúcháin agus le haghaidh aistrithe teicneolaíochta idir cuideachtaí, chomh maith le nósanna imeachta cuíchóirithe maidir le ceadúnú. Aithnítear sa Rialachán freisin príomh-ról an tionscail mar 'chéad bheart cosanta'. Sainordaítear ann freisin don Choimisiún agus do na Ballstáit comhar a chothú le comhpháirtithe idirnáisiúnta in iarracht na córais iltaobhacha rialaithe onnmhairí a sheasamh mar phríomh-eilimintí den bhonneagar trádála agus slándála idirnáisiúnta.

Tá gníomhaíochtaí faoi lán seoil chun na forálacha sin a rolladh amach. D'fhorbair an Coimisiún agus na Ballstáit treoirínnte maidir le cláir um chomhlíontacht inmheánach agus comhlíontacht taighde, chomh maith le trédhearcacht a áirithiú maidir le cinntí náisiúnta

⁴ Teachtaireacht Chomhphárteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle maidir le 'Straitéis Eorpach um Shlándáil Eacnamaíoch' (JOIN/2023/20 final).

ceadúnúcháin mar chuid de thuarascálacha bliantúla na mBallstát.⁵ Tá an Coimisiún agus na Ballstáit ag forbairt treoirlínte chun tacú le dícheall cuí onnmhairroirí agus chun feabhas a chur ar rialuithe maidir le honnmhairí ítimí cibearfhaireachais⁶ mar chuid de ghníomhaíochtaí an Aontais chun cosc a chur ar thrádáil a úsáid i dtaca le brú faoi chois inmheánach agus/nó déanamh sáruithe tromchúiseacha agus mí-úsáidí ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta.⁷

Chuir an tAontas dlús freisin leis an gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta mar chuid dá chuid iarrachtaí tacú leis an tslándáil idirnáisiúnta, mar shampla faoin gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe agus forbairt comhghuaillíochta domhanda lena gcomhordaítear srianta onnmhairiúcháin ar ítimí íogaire mar fhreagairt ar ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin.

Ceann de na heilimintí is nuálaí den Rialachán Dé-Úsáide is ea an sásra a tugadh isteach (in Airteagail 9 agus 10) chun comhordú na rialuithe onnmhairiúcháin náisiúnta a éascú ar leibhéal an Aontais. Tugtar tuairisc níos mionsonraithe air sin i ranna 3 agus 4 thíos.

D'ainneoin dul chun cinn maith maidir le gnéithe éagsúla den Rialachán Dé-Úsáide a chur chun feidhme, tá obair fós le déanamh chun leas iomlán a bhaint as a acmhainneacht agus a rannchuidiú don tsíocháin agus don tslándáil a bharrfheabhsú sa chomhthéacs geopholaitiúil atá i bhfeidhm faoi láthair.

3. FORBAIRTÍ LE DÉANAÍ I RÉIMSE NA RIALUITHE ONNMHAIIRIÚCHÁIN

Tugtar imlíne sa chaibidil seo ar fhorbairtí le déanaí a thaispeánann na teorainneacha a bhaineann leis an gcreat Rialaithe Onnmhairiúcháin atá i bhfeidhm faoi láthair agus a chumas na rioscaí a chuirtear i láthair le honnmhairí dé-úsáide do shlándáil agus do shláine an mhargaidh inmheánaigh a mhaolú. Feiceann an Coimisiún go bhfuil gá le rialuithe onnmhairiúcháin de chuid an Aontais atá níos sofhreagrúla agus níos éifeachtaí a fhreastalaíonn ar leasanna agus ar luachanna beartais eachtraigh agus slándála náisiúnta agus an Aontais, agus é neadaithe go daingean i gcomhbheartas tráchtála an Aontais ag an am céanna.⁸

⁵ Féach Moladh 2021/1700 ón gCoimisiún maidir le cláir um chomhlíontacht inmheánach maidir le rialuithe taighde lena mbaineann ítimí dé-úsáide faoi Rialachán (IO L 338, 23.9.2021, lch. 1–52) agus Moladh 2019/1318 ón gCoimisiún maidir le cláir um chomhlíontacht inmheánach le haghaidh rialuithe trádála dé-úsáide (IO L 205, 5.8.2019, lch. 15–32). Leanann an Coimisiún agus na Ballstáit ar aghaidh ag obair ar chur chun feidhme níos éifeachtaí rialuithe maidir le haistrithe earraí doláimhsithe agus teicneolaíochta. Tá sé beartaithe na Treoirlínte maidir le bailiú sonraí agus trédhearcacht sonraí a fhoilsiú ag tús 2024.

⁶ Foilseofar na Treoirlínte maidir le honnmhairí ítimí cibearfhaireachais sa chéad ráithe de 2024. De thoradh inní a bheith ann faoi úsáid ítimí cibearfhaireachais, bhunaigh Parlaimint na hEorpa mar shampla Coiste speisialta (Coiste Fiosrúcháin Pegasus) a ghlac le rún i mí an Mheithimh 2023 inar cuireadh i dtábhacht freisin an gá atá le rialuithe maidir le honnmhairiú ítimí cibearfhaireachais a neartú tuilleadh faoin Rialachán Dé-Úsáide.

⁷ Tá siad seo a leanas i measc na ngníomhaíochtaí eile a rinne an Coimisiún agus na Ballstáit: (i) bhunaigh siad ‘Sainghrúpa Teicniúil um Theicneolaíocht atá ag Teacht Chun Cinn’ chun faisnéis a mhalartú leis na Ballstáit maidir le measúnuithe riosca le haghaidh teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn; (ii) bhunaigh siad Sásra um Chomhordú Forfheidhmíthe chun tacú leis an obair a dhéanann gníomhaireachtaí náisiúnta forfheidhmíthe dlí ar fud an Aontais; (iii) d’fhorbair siad an Córas leictreonach dé-úsáide (DUeS) chun malartú faisnéise a fheabhsú idir seirbhísí ábhartha sa Choimisiún agus sna Ballstáit; agus (iv) chuir siad feabhas ar fhor-rochtain an tionscail agus ar chomhlíontacht mar chuid de ‘chomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach’ e.g. trí Fhóram Rialaithe Onnmhairiúcháin tráthrialta a eagrú.

⁸ Dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás *Leifer* go dtagann rialacha a bhfuil sé d’éifeacht acu onnmhairiú táirgí áirithe a chosc nó a shrianadh faoi raon feidhme an chomhbheartais tráchtála agus

3.1. Tionchar na Rúise ar fheidhmiú na gcóras iltaobhach rialaithe onnmhairí

Leis na córais iltaobhacha rialaithe onnmhairí atá bunaithe, sholáthair siad le cúpla scór bliain na bearta rialaithe onnmhairí ba ghá, ar bearta iad is bonn le creat rialaithe onnmhairí an Aontais, agus a fhreagraíonn dá bhrí sin do chuspóirí beartais slándála an Aontais. Tá an tAontas Eorpach tiomanta d'éifeachtacht na gcóras iltaobhach a chaomhnú agus a neartú.

Braitheann an córas iltaobhach ar chumas na gcóras ítimí nua le haghaidh rialuithe onnmhairiúcháin a mholadh agus a chomhaontú. Tá roinnt de na córais iltaobhacha rialaithe onnmhairí (Comhshocraíocht Wassenaar, an Córas Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán agus an Grúpa Soláthraithe Núicléacha) faoi bhrú mór toisc go dtuairiscítear go bhfuil an Rúis mar chomhalta ag cur cosc ar ghlacadh rialuithe nua, rud a fhágann bearnaí sa chóras dá réir sin.⁹ Ag glacadh leis na naisc atá idir Iarscríbhinn I den Rialachán Dé-Úsáide agus na córais iltaobhacha, baineann sé an bonn freisin d'éifeachtacht agus do chuimsitheacht rialuithe an Aontais.

Toisc go dtarlaíonn an chinnteoireacht sna córais sin de chomhthoil, tá cumhacht chrosta ag an Rúis – cosúil le haon chomhalta eile – ar aon tionscnamh chun na liostaí rialaithe, na córais, nó a mballraíocht a leasú.¹⁰ Tuairiscítear gur chuir an Rúis bac ar ghlacadh rialuithe tábhachtacha ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i gComhshocraíocht Wassenaar,¹¹ rud lena gcuirtear bac sa chleachtas ar chumas an chórais cinntí nua a dhéanamh agus, dá bharr sin, a chuireann cosc ar liosta rialaithe ar onnmhairiú ítimí dé-úsáide an Aontais a bhaineann leis a thabhairt cothrom le dáta. Ardaítear ceisteanna tromchúiseacha mar gheall air sin maidir le hinniúlacht na gcóras iltaobhach rialaithe onnmhairí beart a dhéanamh tráth a mbíonn teannais geopholaitiúla tromchúiseacha ar bun, agus chun slándáil an Aontais agus chomhaltaí eile na gcomhaontuithe iltaobhacha a áirithiú. Is cosúil gur spreag an bac reatha atá ar na córais iltaobhacha roinnt comhaltaí chun gníomhaíochtaí aonair nach bhfuil fréamhaithe sna córais sin a ghlacadh, rud lena méadófar dá réir sin baol deighilte an Mhargaidh Aonair agus, níos ginearálta, lena laghdófar éifeachtacht an chórais iltaobhaigh rialaithe onnmhairí.

3.2. Iontaoibh mhéadaithe i leith rialuithe iltaobhacha onnmhairí go hidirnáisiúnta

Ó cuireadh Rialachán Dé-Úsáide 2021 ar bun, táthar ag baint níos mó úsáide as rialuithe onnmhairiúcháin aontaobhacha, i roinnt cásanna is mar gheall ar chomaoineacha slándála

díreach mar gheall go mbaineann an srian le hearraí dé-úsáide nach ndéanann sé sin difear don chonclúid sin toisc go bhfágann cineál na dtáirgí sin nach féidir iad a thabhairt lasmuigh de raon feidhme an chomhbheartais tráchtála (Breithiúnas na Cúirte an 17 Deireadh Fómhair 1995, *Imeachtaí coiriúla in aghaidh Peter Leifer, Reinhold Otto Krauskopf agus Otto Holzer*, C-83/94, ECLI:EU:C:1995:329, míreanna 10 go 11). I gcás *Werner*, dheimhnigh an Chúirt na cinntí sin agus mhígh sí anuas air sin maidir le beart arb é is éifeacht dó cosc nó srian a chur ar onnmhairiú táirgí áirithe, nach féidir caitheamh leis mar bheart a thagann lasmuigh de raon feidhme an chomhbheartais tráchtála ar an bhforas go bhfuil cuspóirí aige maidir le beartas agus slándáil eachtrach (Breithiúnas na Cúirte an 17 Deireadh Fómhair 1995, *Fritz Werner Industrie-Ausrüstungen GmbH v Poblacht Chónaidhme na Gearmáine*, C-70/94, ECLI:EU:C:1995:328, mír 10).

⁹ Wolf, K., *Testimony before the Senate Committee on Banking, Housing and Urban Affairs, "Advancing National Security and Foreign Policy Through Sanctions, Export Controls, and Other Economic Tools"*, 2023, lch. 13. Féach freisin Chorzempa, M. agus von Daniels, L., *New US Export Controls: Key Policy Choices for Europe*, *Stiftung Wissenschaft und Politik*, 2023, lch. 7.

¹⁰ Gehrke, T. agus Ringhof, J., *The power of control: How the EU can shape the new era of strategic export restrictions*, *Comhairle na hEorpa um Chaidreamh Eachtrach*, 2023. Benson, E. agus Putnam, M., *Export Controls and Intangible Goods*, *An Lárionad um Staidéar Straitéiseach agus Idirnáisiúnta*, 2023.

¹¹ Wolf, K., *Testimony before the Senate Committee on Banking, Housing and Urban Affairs, "Advancing National Security and Foreign Policy Through Sanctions, Export Controls, and Other Economic Tools"*, 2023, lch. 13.

náisiúnta leathnaithe atá an úsáid mhéadaithe sin agus, i gcásanna eile, is é an aidhm aghaidh a thabhairt ar rioscaí nua a chruthaítear le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn (féach an bosca thíos).

Samplaí de rialuithe onnmhairiúcháin aontaobhacha ag tríú tíortha

An 7 Deireadh Fómhair 2022, ghlac na Stáit Aontaithe le rialuithe onnmhairiúcháin ar ardshliseanna ríomhaireachta agus ar shliseanna ríomhaireachta ardfheidhmíochta agus ar bhogearraí gaolmhara, chomh maith le hard-trealamh monaraíochta leathsheoltóirí. Mar fhreagra ar na bearta sin, lorg an tSín comhairliúcháin leis na Stáit Aontaithe faoi shásra um réiteach díospóidí de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála i mí na Nollag 2022.¹² Nearthaigh na Stáit Aontaithe na bearta sin tuilleadh i nuashonrú a foilsíodh an 17 Deireadh Fómhair 2023.¹³

An 23 Bealtaine 2023, ghlac an tSeapáin le rialuithe onnmhairiúcháin ar ítimí maidir le monaraíocht leathsheoltóirí.¹⁴

In 2023, ghlac an tSín le sraith rialuithe onnmhairiúcháin. Go sonrach, an 3 Iúil 2023, ghlac sí le rialuithe lenar cumhdaíodh táirgí ina bhfuil gailliam agus gearmáiniam; an 31 Iúil 2023, maidir le ard-aerfheithiclí gan foireann (UAVanna); agus, an 1 Meán Fómhair 2023, maidir le graifít agus táirgí ina bhfuil graifít.

I gcás ina bhfuil éifeachtaí dlíthiúla seach-chríochacha ag rialuithe amhail na rialuithe seo, is féidir leo iarmhairtí a bheith acu do shlabhraí luacha domhanda agus tionchar a bheith acu ar inniúlacht ghnólachtaí an Aontais eochair-theicneolaíochtaí agus comhphárteanna ceannródaíoch a onnmhairiú, lena n-áirítear ítimí dé-úsáide. Tá an cás sin amhlaidh go háirithe i gcás ina gcumhdaíonn rialuithe den sórt sin, fiú nuair atá siad inchosanta ar chúiseanna slándála náisiúnta na tíre a mholann iad, teicneolaíochtaí atá ar fáil ar bhonn tráchtála lasmuigh díobh siúd a rialaítear trí na córais iltaobhacha.

3.3. Rialuithe onnmhairiúcháin náisiúnta le déanaí ag Ballstáit an Aontais

Faoi láthair, níl na forálacha dlíthiúla is gá ag an Aontas Eorpach chun rialuithe onnmhairiúcháin aonfhoirmeacha a ghlacadh ar leibhéal an Aontais, go neamhspleách ón méid a ghlactar sna córais iltaobhacha, seachas i réimsí an-teoranta.¹⁵

¹² Iarraidh ar chomhairliúcháin ag an tSín: Na Stáit Aontaithe - Bearta maidir le Táirgí Leathsheoltóra Áirithe agus Táirgí Eile, agus Seirbhísí agus Teicneolaíochtaí Gaolmhara (WT/DS615/1, G/L/1471 S/L/438, G/TRIMS/D/46 IP/D/44).

¹³ Biúró um Thionscal agus Shlándáil, Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe, ‘*Commerce Strengthens Restrictions on Advanced Computing Semiconductors, Semiconductor Manufacturing Equipment, and Supercomputing Items to Countries of Concern*’, Preaseisiúint an 17 Deireadh Fómhair 2023, ar fáil ag: <https://www.bis.doc.gov/index.php/documents/about-bis/newsroom/press-releases/3355-2023-10-17-bis-press-release-ac-s-and-sme-rules-final-js/file>.

¹⁴ Leasú ar ‘*Ministerial Ordinance Partially Revising the Ministerial Ordinance Specifying Goods and Technologies Pursuant to the Provisions of the Appended Table 1 of the Export Trade Control Order and the Appended Table of the Foreign Exchange Order*’, ar fáil ag: <https://www.meti.go.jp/policy/anpo/law09-2.html#230523>.

¹⁵ Le Rialachán Dé-Úsáide 2021 tugadh isteach an fhéidearthacht maidir le rialuithe nua uathrialaitheacha de chuid an Aontais le haghaidh ítimí cibearfhaireachais (Airteagal 5). Ní dhearnadh aon tástáil go fóill ar an

Roimh Rialachán Dé-Úsáide 2021, thug na Ballstáit fógra maidir lena mbearta náisiúnta¹⁶ don Choimisiún, agus foilsíodh iad ina dhiaidh sin ar bhonn bliantúil in Iris Oifigiúil an Aontais i bhfoirm nóta faisnéise.

Le teacht i bhfeidhm Rialachán Dé-Úsáide 2021 cruthaíodh bealach nua chun ‘liostaí rialaithe náisiúnta’ a fhoilsiú agus a chomhordú i measc Ballstát¹⁷. De bhun Airteagal 9 den Rialachán Dé-Úsáide, foilsíonn an Coimisiún ar thaobh amháin nóta faisnéise bliantúil lena n-áirítear na ‘bearta náisiúnta’ uile arna bhfógairt dó ag na Ballstáit, agus ar an taobh eile, dá ngairtear ‘Bailiúchán liostaí náisiúnta rialaithe an Aontais’.¹⁸

Cé nach bhfuil aon éifeacht dhlíthiúil ar leith ag foilsiú na ‘mbeart náisiúnta’ i mBallstáit eile, le foilsiú Bhailiúchán liostaí náisiúnta rialaithe an Aontais tugtar an fhéidearthacht do Bhallstáit eile rialuithe den sórt sin a chur i bhfeidhm go díreach ar a gcuid onnmhairroirí. I bhfocail eile, is féidir leo a chinneadh freisin na hítimí atá liostaithe sa Bhailiúchán de liostaí rialaithe náisiúnta a chur faoi réir údaraithe (agus séanadh b’fhéidir) ar thionscnamh Ballstát eile. Is é is aidhm don sásra seo tabhairt isteach agus comhordú níos tapa ar rialuithe onnmhairiúcháin náisiúnta a éascú, ionas gur féidir leis an Aontas freagairt go mear do mhí-úsáid thromchúiseach teicneolaíochtaí atá ann cheana nó do rioscaí nua a bhaineann le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn (féach roinn 4.1.).

Sa chéad leath de 2023, ghlac roinnt Ballstát liostaí rialaithe náisiúnta (féach thíos) agus spreag siad den chéad uair an sásra nua comhordaithe seo. Féachtar i roinnt de na Liostaí Náisiúnta Rialaithe seo mar shampla le teorainn a chur le honnmhairiú teicneolaíochtaí ríthábhachtacha lasmuigh den Aontas, ag tógáil i roinnt cásanna ar an idirphlé atá ar bun laistigh de na córais iltaobhacha.¹⁹ Tuigeann an Coimisiún go bhféadfadh breithniú a bheith á dhéanamh ag roinnt Ballstát ar an ngá a d’fhéadfadh a bheith le rialuithe náisiúnta i bhfianaise na ndeacrachtaí atá ann faoi láthair teacht ar chomhaontú maidir le hítimí rialaithe nua ag na córais iltaobhacha. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh an méadú ar rialuithe náisiúnta a chonacthas in 2023 leanúint ar aghaidh, rud a mhéadaíonn an gá atá le hiarrachtaí feabhsaithe chun comhleanúnachas agus éifeachtacht a áirithiú.

bhforáil sin áfach, tá sí teoranta d’ítimí cibearfhairreachais agus theastódh gníomhaíochtaí comhordaithe ó na Ballstáit uile. Tugadh isteach freisin le Rialachán Dé-Úsáide 2021 an fhéidearthacht do na Ballstáit rialuithe a chomhordú faoina gcuid liostaí rialaithe náisiúnta (Airteagal 9 agus 10), ach ní dóigh go seachadfar rialuithe aonfhoirmeacha leis sin faoi mar a thuiriscítear i roinn 4.1.

¹⁶ Tagraíonn ‘bearta náisiúnta’ do ghníomhaíochtaí de chineálacha éagsúla arna ndéanamh ag Ballstáit lena n-áirítear, mar shampla, údaruithe ginearálta náisiúnta maidir le rialú onnmhairiúcháin, ainmniú na n-údarás inniúil, ainmniú na n-oifigí custaim, ach freisin liostaí rialaithe náisiúnta a dtugtar tuairisc orthu anseo thíos.

¹⁷ Tagraíonn liostaí rialaithe náisiúnta do bhearta arna nglacadh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 9 den Rialachán Dé-Úsáide, áit ina gcinneann siad ítimí dé-úsáide nach bhfuil liostaithe in Iarscríbhinn I den Rialachán Dé-Úsáide a chur faoi réir údaraithe agus ní faoi réir aon rialaithe dá bharr sin. Tá na Ballstáit i dteideal liostaí rialaithe náisiúnta den sórt sin a ghlacadh ar chúiseanna slándála poiblí, lena n-áirítear chun gníomhartha sceimhlitheoireachta a chosc, nó chun ceisteanna faoi chearta an duine a chur san áireamh.

¹⁸ Foilsíodh nóta faisnéise deiridh den sórt sin mar ‘Faisnéis faoi bhearta arna nglacadh ag Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 4, 5, 6, 7, 8, 9, 11, 12, 22 agus 23 [den Rialachán Dé-Úsáide]’ (IO 2023/C 208/06). Foilsíodh bailiúchán an Aontais den chéad uair an 20 Deireadh Fómhair 2023 mar ‘Bhailiúchán liostaí náisiúnta rialaithe faoi Airteagal 9(4) [den Rialachán Dé-Úsáide]’ (IO C C/2023/441).

¹⁹ Go dtí seo, thug trí Bhallstát fógra don Choimisiún Eorpach maidir le glacadh Liostaí Náisiúnta Rialaithe atá beartaithe le haghaidh comhordú rialuithe ag na Ballstáit, agus dhá cheann acu curtha san áireamh cheana féin i mBailiúchán liostaí náisiúnta rialaithe a foilsíodh an 20 Deireadh Fómhair 2023.

Samplaí de Liostaí Rialaithe Náisiúnta arna nglacadh nó arna moladh ag na Ballstáit

An 23 Meitheamh 2023, ghlac **an Ísiltír** liosta náisiúnta rialaithe ina leagtar amach rialuithe onnmhairiúcháin nua maidir le trealamh monaraíochta leathsheoltóirí. Léiríodh leis na rialuithe sin an dul chun cinn tapa atá déanta i dteicneolaíocht na leathsheoltóirí agus bhí plé le comhpháirtithe idirnáisiúnta i gceist leo.²⁰

An 31 Bealtaine 2023, ghlac **an Spáinn** liosta náisiúnta rialaithe lena bhforchuirtear rialuithe onnmhairiúcháin nua ar ríomhaireacht chandamach, ar mhonaraíocht breiseán agus ar theicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn ar chúiseanna slándála poiblí²¹.

An 28 Meitheamh 2023, ghlac **an Liotuáin** liosta náisiúnta rialaithe lena dtoirmiscear onnmhairiú liosta aicmithe custaim lena gcuimsítear, i measc nithe eile, innill aerárthaigh, innealra chomh maith le gléasanna tomhais agus leictreonacha. Is é is aidhm do na rialuithe sin aghaidh a thabhairt ar an mbagairt ar shlándáil na Liotuáine mar gheall ar ionsaí míleata na stát eachtrach ar an Úcráin agus rinneadh iarracht an bhagairt sin a laghdú trí theorainn a chur le cumais theicniúla na stát eachtrach cogadh foghach a dhéanamh san Úcráin.²² Leasaíodh Rún mhí an Mheithimh le déanaí an 15 Samhain 2023²³.

An 10 Samhain 2023, sheol **an Fhionlainn** comhairliúchán poiblí maidir le dréachtbhearta náisiúnta lena n-áireofaí, dá nglacfaí iad, rialuithe ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail ciorcaid iomlánaithe, ríomhairí candamacha agus trealamh monaraíochta breiseán.²⁴

4. ANAILÍS AR AN GCREAT ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR

4.1. An riosca go mbeidh meascán mearaí de rialuithe onnmhairiúcháin san Aontas Eorpach

Cheana féin roimh 2021, bhí an deis ag na Ballstáit rialuithe náisiúnta a ghlacadh lasmuigh de chreat an Aontais. Mar sin féin, mar gheall ar an gcomhthéacs geopholaitiúil atá ag éabhlóidiú, mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an úsáid a bhaintear as rialuithe onnmhairiúcháin agus na dinimicí atá ag teacht chun cinn i gcur chun feidhme rialuithe comhordaithe faoi Rialachán Dé-Úsáide 2021 an Aontais, is feiceálaí an baol go mbeadh meascán mearaí de rialuithe

²⁰ Litr ó Aire Trádála Eachtraí agus Comhair Forbartha na hÍsiltíre an 8 Márta 2023 chuig Parlaimint na hÍsiltíre, le fáil ag: <https://open.overheid.nl/documenten/oepr-7b25ba07017fbcc4a9d285cc013849f6516f03bd/pdf>.

²¹ Ordú TFC/534/2023 an 26 Bealtaine 2023, le fáil ag <https://www.boe.es/boe/dias/2023/05/31/pdfs/BOE-A-2023-12785.pdf>

²² Rún Uimh. 512 an 28 Meitheamh 2023, ‘Maidir le Cur i bhFeidhm Bearta Náisiúnta Rialaithe de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle’, le fáil ag: <https://e-seimas.lrs.lt/portal/legalAct/lt/TAD/e136d18116b211eea9b3de7dd350a34e?positionInSearchResults=6&searchModelUUID=f43633e4-8d0d-4761-b5f5-adb027d53453>.

²³ Tá Rún mhí na Samhna 2023 le fáil ag: <https://e-seimas.lrs.lt/portal/legalAct/lt/TAD/0f49a4e0857011ee9ee3e4a7f62b7a26?positionInSearchResults=2&searchModelUUID=e121fc54-2c6c-4133-b8f0-26af9214c826>

²⁴ Tá an comhairliúchán poiblí le fáil ag: <https://valtioneuvosto.fi/hanke?tunnus=UM008:00/2019>.

onnmhairiúcháin ann don Aontas Eorpach a mbeadh tionchar diúltach aige ar leasanna slándála an Aontais agus a Bhallstát.

